Alt 10A – Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

Tairseach V2 do Mhéadrachtaí 2026 le tuairisciú in Earrach 2027



An Coimisinéir Teanga

1. Nuashonrú 2026 ar an Tairseach Ghéilliúlachta
15/01/2026

Réamhrá

Tá breis is trí bliana anois ann ó d'eisíomar nótaí comhairle faoi 10A agus tá dhá bhliain ann ó sheolamar an tairseach lena mbaineann. Idir an dá linn, fuaireamar go leor aiseolais ó chomhlachtaí poiblí maidir leis na n-ithe ar éirigh leo agus nár éirigh leo.

Ó thaobh Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) de, tá sonraí dhá bhliain againn freisin, rud a léiríonn treochtaí áirithe.

Na nithe a bhfuil an éirí leo:

- Meastar bailiú sonraí ar chaiteachas 5% a bheith sách furasta.
- Moladh gur chóir na méadrachtaí tomhais do 20% a shruthlíniú. Chuige sin, ní bheidh againn ach rogha tuairiscithe amháin le haghaidh Teilifíse, Fógraíochta lasmuigh, Pictiúlainne, Cló agus Raidió. Leanfaimid de dhá rogha tuairiscithe do na meáin dhigiteacha, ionas gur féidir rothlú cóipe 1 as 5 a thuairisciú.

Ansin, tá príomhcheisteanna a tháinig chun cinn:

- Tá go leor figiúirí faoi chúrsaíocht nuachtán as dáta agus is beag foilseachán a ndéantar iniúchadh orthu
- Tá sé ag éirí níos deacra de réir a chéile figiúirí éisteachta raidió a dheimhniú agus níl sonraí iontaofa ar fáil ag go leor de na stáisiúin bheaga.
- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí dhá bhliain, is cás le OCT go bhfuil figiúirí an-ard ag comhlachtaí poiblí áirithe i dtaca le roinnt meán (i bhfad níos airde ná 20%) ach nach gcaitheann siad ach suim bheag dá mbuiséad iomlán ar an meán áirithe sin, m.sh. d'fhéadfaí na fógraí pictiúrlainne go léir a chur i nGaeilge (100%) ach go mbeadh an buiséad fógraíochta pictiúrlainne an-bheag. Cuireann a leithéidsin na torthaí san iomlán as riocht.

Aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna chun an Tairseach Ghéilliúlachta a shruthlíniú in 2026:

- Ceist #1: Preas - Tá figiúirí faoi chúrsaíocht nuachtán as dáta agus is beag foilseachán a ndéantar iniúchadh orthu. Ó Eanáir 2026 ar aghaidh, ní bheidh ort ach líon na gcur (ionsánna) preasa (fógráin) a chuir tú i mbliain faoi leith a thuairisciú. Tá Cothrom na Féinne don dá theanga i gceist i gcónaí. (Féach ar shleamhnán 10)

- Ceist #2: Raidió - Tá sé ag éirí níos deacra de réir a chéile figiúirí éisteachta raidió a dheimhniú agus níl sonraí iontaofa ag go leor de na stáisiúin bheaga fiú. Ó Eanáir 2026 ar aghaidh, ní bheidh ort ach líon na gcur (ionsánna) raidió (fógráin) a chuir tú i mbliain faoi leith a thuairisciú. Tá Cothrom na Féinne don dá theanga i gceist i gcónaí. (Féach ar shleamhnán 10)

Aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna chun an Tairseach Ghéilliúlachta a shruthlíniú in 2026:

- Ceist #3 - Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí dhá bhliain, is cás le hOifig an Choimisinéara Teanga go bhfuil figiúirí an-ard ag comhlachtaí poiblí áirithe i dtaca le roinnt meán (i bhfad níos airde ná 20%) ach nach gcaitheann siad ach suim bheag dá mbuiséad iomlán ar an meán áirithe sin, m.sh. d'fhéadfaí na fógraí pictiúrlainne go léir a chur i nGaeilge (100%) ach go mbeadh an buiséad fógraíochta pictiúrlainne an-bheag. Cuireann a leithéid sin na torthaí san iomlán as riocht. Ionas nach gcuirfí na figiúirí as a riocht ar an gcaoi sin, táimid ag cur ualú caiteachais i bhfeidhm ar an tairseach. Cinnteoidh an mheicníocht ualaithe caiteachais seo go mbeidh na céatadáin deiridh i gcomhréir leis an méid a chaitear ar na meáin.

Focal Scoir

Lean ort, mar sin, ag baint úsáide as an tairseach atá ann go dtí seo chun méadrachtaí 2025 a thuairisciú. Is tairseach nua é seo a bheidh ar fáil le líonadh an XXX agus úsáidfear é le haghaidh mhéadracht 2026 agus as sin amach. Táimid á sheoladh amach anois ionas go mbeidh tú ar an eolas roimh ré faoi thrí athrú shuntasacha:

- Is féidir líon na bhfógrán/ionsánna preasa a úsáid, seachas an chúrsaíocht, ó 2026 ar aghaidh. Tá Cothrom na Féinne don dá theanga i gceist (féach sleamhnán 9 na nótaí comhairle)
- Is féidir líon na bhfógrán/spotaí raidió a úsáid, seachas líon lucht éisteachta, ó 2026 ar aghaidh. Tá Cothrom na Féinne don dá theanga i gceist i gcónaí.
- Táimid ag tabhairt córas ualaithe buiséid isteach chun a chinntiú go léiríonn na céatadáin deiridh an caiteachas de réir na meán

An Coimisinéir Teanga

2. Nóta Comhairle Breise

Méadracht Tomhais (1)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Mionsonraí**
Fógraíocht i gCló/Irisí	Líon na n-ionsánna preasa (fógráin) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a thabhairt don dá theanga, is é sin go mbeadh fógraí a chuirtear i nGaeilge ar cóimhéid leis na fógraí a chuirtear i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart ionsánna (fógráin) preasa i nGaeilge a chur go míchothrom i bhfoilseacháin ag a bhfuil cúrsaíocht níos lú
Fógraíocht Raidió	Líon na spotaí raidió (fógráin) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom le stáisiúin ag a bhfuil líon lucht éisteachta níos lú ná i rith thráthanna an lae lena mbaineann líon lucht éisteachta níos lú

Méadracht Tomhais (2)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Mionsonraí**
Fógraíocht Fuaime	Líon na n-imprisean (nó 1 as 5) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon lucht éisteachta níos lú
OOH - As Baile/Fógraíocht Lasmuigh	Líon iomlán na láithreán i mbliain ar leith. Maidir le formáidí digiteacha, athraigh go coibhéisí láithreáin iad le do thoil.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar cómhéid agus ar láithreáin ar comhchaighdeán leis na fógráin i mBéarla.

Méadracht Tomhais (3)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Mionsonraí**
Pictiúrlann	An tinreamh i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla.
Teilifís	Líon na TVR i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla.
VOD – Físeán ar Éileamh	Líon na n-imprisean (nó 1 as 5) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí

Méadracht Tomhais (4)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Mionsonraí**
Taispeáint Dhigiteach	Líon na n-imprisean (nó 1 as 5) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a thabhairt don dá theanga, is é sin go mbeadh fógraí a chuirtear i nGaeilge ar cóimhéid leis na fógraí a chuirtear i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí
Na Meáin Shóisialta	Líon na n-imprisean (nó 1 as 5) i mbliain ar leith.	Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad nó ar cóimhéid leis na fógráin i mBéarla. Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí

An Coimisinéir Teanga

3. Ceisteanna Coitianta Breise

Ceisteanna Coitianta

Cén fáth a bhfuil Gaeilge agus Béarla scartha óna chéile i gcás Cló agus Raidió ach nach bhfuil Taispeáint ná Teilifís?

Tá tomhais chaighdeánacha an tionscail (TVR) ann atá inghlactha le haghaidh fógraíochta ar stáisiúin teilifíse Ghaeilge agus Bhéarla araon. Is é an cás céanna é maidir le Taispeáint, tá an tomhas caighdeánach tionscail (imprisean) inghlactha i gcás gach ardáin.

Mar sin féin, maidir le Cló agus Raidió i margadh na hÉireann níl méadrachtaí caighdeánacha ar fáil toisc nach bhfuil figiúirí deimhnithe cúrsaíochta ná éisteachta ag go leor úinéirí meán i.e. ní mór an t-ualú caiteachais a thabhairt isteach chun an easpa méadrachta tomhais inghlactha a chúiteamh.

An Coimisinéir Teanga

4. Físeán Treorach

Físeán Treorach na Tairsí Nua

Tá físean treorach na Tairsí nua le fáil ach cliceáil ANSEO

5. Táblaí Méadrachtaí ó Fhíseán Treorach Thairseach V2

Sampla Tábla 5%

3.A.1

Comhlánaigh an tábla thíos le do thoil (Iniúchadh 5%)

- Ní mór ionchur uimhreach a dhéanamh i ngach cill – cuir “0” isteach nuair is cuí

Cainéal	Caiteachas Iomlán Fógraíochta €	Caiteachas Fógraíochta i Meáin Ghaeilge €	Tuilleadh Tuairimí ón gComhlacht Poiblí
Físeán ar Éileamh	755116	0	Enter text...
Meáin Shóisialta	804258	**N/A**	Enter text...
Fuaim Dhigiteach	315927	2080	Enter text...
Taispeántas Digiteach	487882	91560	Enter text...
Cló i nGaeilge	8649	8649	Enter text...
Cló i mBéarla	76261	**N/A**	Enter text...
Raidió i nGaeilge	102580	102580	Enter text...
Raidió i mBéarla	2057478	**N/A**	Enter text...
Lasmuigh den Bhaile	245669	0	Enter text...
Teilifís	1169410	41480	Enter text...
Pictiúrlann	0	**N/A**	Enter text...
Caiteachas Iomlán ar Fhógraíocht €	6023230	246349	
Caiteachas ar Fhógraíocht i Meáin Ghaeilge mar % den Iomlán	4.09		

Sampla Tábla 20%

Comhlánaigh an tábla thíos le do thoil (20% Iniúchadh)

- **Do na chéad cheithre shraith ní mór duit an Beart a roghnú (Imprisean / 1 as 5 / Ní bhaineann).**
- **Má roghnaítear "1 as 5"*, ní mór duit "5" a chur isteach sa cholún "Iomlán" agus "1" sa cholún "Gaeilge".**
- **Ní mór ionchur uimhreach a dhéanamh i ngach cill – cuir "0" isteach nuair is cuí**

Níl "1 as 5" le húsáid ach amháin nuair nach bhfuil imprisean ar fáil

Cainéal	Tomhas	Iomlán #	Gaeilge #	Béarla #	Infheictheacht na Gaeilge %	% Caiteachas	Infheictheacht Meáite Caiteachais %
Físeán ar Éileamh	Imprisean	56053428	20104017	35949411	35.87	12.54	4.5
Na Meáin Shóisialta	1 as 5	5	1	4	20	13.35	2.67
Fuaim Dhigiteach	Imprisean	19816194	8500461	11315733	42.9	5.25	2.25
Taispeántas Digiteach	Imprisean	88369153	47017428	41351725	53.21	8.1	4.31
Cló na Gaeilge	**Ionsáithí**	20000	20000	0	100	0.14	0.14
Cló i mBéarla	**Ionsáithí**	80000	10000	70000	12.5	1.27	0.16
Raidió i nGaeilge	**Spotaí**	40000	40000	0	100	1.7	1.7
Raidió i mBéarla	**Spotaí**	200000	0	200000	0	34.16	0
Lasmuigh den Bhaile	**Suímh**	12692	2888	9804	22.75	4.08	0.93
Teilifís	**TVRanna**	5565	1113	4452	20	19.41	3.88
Pictiúrlann	**Iontrálacha**	0	0	0	0	0	0
					Iomláin:	100	20.54

An Spidéal, Co na Gaillimhe, H91VK23
091 504 006
0818 504 006

10A@coimisineir.ie

©2026

An Coimisinéir Teanga